RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1564 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Iúil 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó [1], agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) Mar thoradh ar mheastóireacht ar na cúinsí ábhartha agus i bhfianaise thromchúis na staide in PDC, measann an Chomhairle gur cheart naonúr a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn Ia ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS

[1] IO L 193 23.7.2005, lch. 1

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach i Roinn A ('Daoine') d'Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2010:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
'18.	Bernard Maheshe BYAMUNGU	Ar a dtugtar freisin Tiger One Feidhm/céim: Briogáidire-Ghinearál in M23/ARC, Leas-Cheannasaí oibríochtaí Dáta breithe: an 10/10/1974 Náisiúntacht: PDC Inscne: Fireann	Tá ról ceannasach ag Bernard Byamungu i mbrainse míleata an Mouvement du 23 mars (M23)/Armée révolutionnaire congolaise (ARC) mar Bhriogáidire-Ghinearál agus Leas-Cheannasaí oibríochtaí an ghrúpa armtha neamhrialtasach seo a oibríonn in Oirthear PDC. Cothaíonn M23/ARC an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí ionsaithe i gcoinne sibhialtach agus fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), maruithe, céastóireacht, éigniú agus saothar éignithe, mar shampla sraith maruithe dírithe ar shibhialtaigh i mbaile Kisheshe an 29 Samhain 2022. Mar gheall ar a ról ceannasach in M23/ARC, bíonn baint ag Bernard Byamungu, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sáruithe ar chearta an duine iad nó ar mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine iad in PDC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
19.	Michel RUKUNDA	Ar a dtugtar freisin Makanika Feidhm/céim: Ceannasaí agus Ceannaire Míleata an ghrúpa armtha Twirwaneho i Kivu Theas Dáta breithe: 12/9/1974 Áit bhreithe: Minembwe, Kivu Theas, PDC Náisiúntacht: PDC Inscne: Fireann	Tá Michel Rukunda ina iar-Choirnéal d'fhórsaí armtha an Chongó (FARDC) agus is é Ceannasaí agus Ceannaire Míleata an ghrúpa armtha neamhrialtasach Twirwaneho atá ag feidhmiú i Kivu Theas, a mhaíonn go ndéanann sé ionadaíocht ar Phobal Banyamulenge. Cothaíonn Twirwaneho an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí earcaíocht dheonach nó éignithe leanaí chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcogaíocht, in ionsaithe ar shibhialtaigh agus ar fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), agus maruithe, mar shampla ionsaithe ar shibhialtaigh i sráidbhaile Mikenge i mí na Samhna 2021 inar maraíodh seisear ar a laghad. Ina theannta sin, bhí baint dhíreach ag Michel Rukunda le hoiliúint mhíleata a chur ar earcaigh agus le húsáid leanaí, lena n-áirítear mar thionlacaithe armtha. Mar gheall ar a ról ceannasach in Twirwaneho agus a rannpháirtíocht dhíreach in oiliúint agus úsáid leanaí, bíonn baint ag Michel Rukunda, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sáruithe ar chearta an duine iad nó ar mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine iad in PDC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
20.	Charles SEMATAMA	Ar a dtugtar freisin Sebanyana Feidhm/céim: Ceannasaí, Leascheannaire míleata Twirwaneho Dáta breithe: 1975 Áit bhreithe: Sráidbhaile Kalunyo, timpeall cheantair Kamombo, Kivu Theas, PDC Náisiúntacht: PDC Inscne: Fireann	Is iar-oifigeach d'fhórsaí armtha an Chongó (FARDC) é Charles Sematama agus tá post ceannaireachta aige mar Cheannasaí agus Leascheannaire Míleata an ghrúpa armtha neamhrialtasach Twirwaneho atá ag feidhmiú i Kivu Theas, a mhaíonn go ndéanann sé ionadaíocht ar Phobal Banyamulenge. Cothaíonn Twirwaneho an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí earcaíocht dheonach nó éignithe leanaí chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcogaíocht, in ionsaithe ar shibhialtaigh agus ar fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), agus maruithe, mar shampla ionsaithe ar shibhialtaigh i sráidbhaile Mikenge i mí na Samhna 2021 inar maraíodh seisear ar a laghad. Ina theannta sin, bhí baint dhíreach ag Charles Sematama le seisiúin bholscaireachta chomh maith le hearcú éignithe agus úsáid leanaí, lena n-áirítear mar thionlacaithe armtha. Mar gheall ar a ról ceannasach in Twirwaneho agus a rannpháirtíocht dhíreach in earcú éignithe agus úsáid leanaí, bíonn baint ag Charles Sematama, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sáruithe ar chearta an duine iad nó ar mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine iad in PDC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
21.	Ahmad Mahmood HASSAN	Ar a dtugtar freisin Ahmad Mahamood Hassan, Ahmad Mahmoud Hassan, Jundi, Abwakasi, Abuwakas, Murabu, Marabou, nó Mwarabu Feidhm/céim: Ceannasaí sinsearach ADF. Dáta breithe: Thart ar 1993 Náisiúntacht: Tansánach Inscne: Fireann	Is ceannaire sinsearach agus ceannasaí campa in Allied Democratic Forces (ADF) é Ahmad Mahmood Hassan, grúpa armtha neamhrialtasach a bhíonn ag oibriú in Uganda agus in PDC. Aithníodh go bhfuil príomhfhreagrachtaí air in ADF, lena n-áirítear ceannaireacht ar champa, oiliúint a chur ar earcaigh, buamaí a tháirgeadh, for-rochtain ar líne agus an caidreamh le SIIS (Da'esh). Cothaíonn ADF an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC (go háirithe i gcúigí Ituri agus Kivu Thuaidh) agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí ionsaithe i gcoinne sibhialtach, maruithe agus fuadaigh, mar shampla na hionsaithe i mí an Mhárta 2023 i gcríoch Beni Theas agus Thoir Theas inar maraíodh níos mó ná 80 sibhialtach agus inar fuadaíodh níos mó ná 20 sibhialtach eile. Ina theannta sin, bhí baint dhíreach ag Ahmad Mahmood Hassan le pleanáil agus stiúradh ionsaithe ADF, lena n-áirítear buamáil i mbaile beag Kasindi (críoch Beni) an 15 Eanáir 2023 agus ionsaí buama in Goma an 7 Aibreán 2022 inar maraíodh seisear agus inar gortaíodh sé dhuine dhéag. Mar gheall ar a ról ceannasach sinsearach in ADF agus a rannpháirtíocht dhíreach i bpleanáil agus seoladh ionsaithe ADF, bíonn baint ag Ahmad Mahmood Hassan, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sáruithe ar chearta an duine iad nó ar mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine iad in PDC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PCD.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
22.	Janvier Karairi (‘Karahiri’) BUINGO	Feidhm/céim: Ginearál, ceann APCLS Dáta breithe: Thart ar 1962 Náisiúntacht: Congólach (PDC) (sílte) Inscne: Fireann	Tá an ról ceannasach de Ghinearál agus ceannaire ar Alliance des patriotes pour un Congo libre et souverain (APCLS), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthuaisceart PDC agus a bhfuil baint aige le comhghuaillíocht na ngrúpaí armtha ‘Alliance des résistants de la patrie’ (ARP) i gcoinne *Mouvement du 23 mars* (M23)/*Armée révolutionnaire congolaise* (ARC). Cothaíonn APCLS an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí pháirt a ghlacadh in oibríochtaí comhghuaillíocht na ngrúpaí armtha ARP, mar shampla in Kitshanga agus Rubaya i mí Eanáir agus ag deireadh mhí Feabhra 2023, maruithe sibhialtach agus ionsaithe ina gcoinne, go háirithe i gcoinne pobal Tutsi an Chongó, agus sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí, mar shampla éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus fuadaigh. Mar gheall ar a ról ceannasach in APCLS, bíonn baint ag Janvier Karairi, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sáruithe ar chearta an duine iad nó ar mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine iad in PDC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
23.	Justin Maki GESI	Ar a dtugtar freisin Le petit loup de la montagne Feidhm/céim: Ceannasaí CODECO/*Alliance pour le Développement du Congo* (CODECO/ALC). Dáta breithe: Ní fios Náisiúntacht: Congólach (PDC) (sílte) Inscne: Fireann	Tá ról ceannasach ag Justin Maki Gesi mar Cheannasaí ar ALC/CODECO, grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in oirthuaisceart PDC (go háirithe Ituri). Cothaíonn ALC/CODECO an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí leanaí a úsáid mar chomhraiceoirí, fuadaigh, maruithe sibhialtach agus ionsaithe ina gcoinne, mar shampla an t-ionsaí ar shráidbhailte Nyamamba agus Mbogi an 13 Eanáir 2023 ar thángthas ar níos mó ná 40 íospartach ina ndiaidh. Mar gheall ar a ról ceannasach in CODECO/ALC, bíonn baint ag Justin Maki Gesi, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sáruithe ar chearta an duine iad nó ar mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine iad in PDC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
24.	Apollinaire HAKIZIMANA	Ar a dtugtar freisin le poète, Adonia Feidhm/céim: Leifteanant-Ghinearál laistigh de FDLR/Coimisinéir Cosanta Dáta breithe: 1964 Náisiúntacht: Ruanda Inscne: Fireann	Is ceannaire míleata é Apollinaire Hakizimana ar 'Forces démocratiques de libération du Rwanda-Forces combattantes abacunguzi' (FDLR-FOCA), mar Ghinearál agus mar Choimisinéir Cosanta an ghrúpa armtha neamhrialtasach seo atá ag feidhmiú in oirthear PDC. Cothaíonn FDLR-FOCA an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí earcú comhraiceoirí agus oiliúint a chur orthu, maruithe sibhialtach, agus sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí, mar shampla éigniú agus gníomhaíochtaí eile foréigin ghnéasaigh agus fuadaigh. Mar gheall ar a ról ceannasach in FDLR-FOCA, bíonn baint ag Apollinaire Hakizimana, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar sáruithe ar chearta an duine iad nó ar mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine iad in PDC. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun in PDC.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
25.	Simon (Salomon) TOKOLONGA	Feidhm/céim: Coirnéal, ceannaire ar an 3411ú reisimint de FARDC Dáta breithe: an 17/4/1972 Áit bhreithe: Kishandja (Kivu Thuaidh) Náisiúntacht: PDC Inscne: Fireann	Tá ról ag an gCoirnéal Simon Tokolonga i bhFórsaí Armtha an Chongó (FARDC) mar cheannaire ar an 3411ú reisimint díobh. D'fhreastail an Coirnéal Tokolonga ar chruinniú in Pinga an 8 agus an 9 Bealtaine 2022 inar bhailigh grúpaí armtha áitiúla, mar shampla Nduma défense du Congo-rénové (NDC-R) agus Alliance des patriotes doirt un Congo libre et souverain (APCLS), le chéile agus inar bhunaigh siad comhrialtas chun seasamh in aghaidh Mouvement du 23 mars (M23)/Armée révolutionnaire congolaise gmaterie(ARC) (comhghuaillíocht 'Alliance des résistants de la patrie' -ARP'). Léirigh láithreacht an Choirnéil Tokolonga comhoibriú roinnt comhaltaí FARDC leis an gcomhghuaillíocht seo. Ina theannta sin, sholáthair comhaltaí an 3411ú reisimint de FARDC airm agus armlón do ghrúpaí armtha atá ag feidhmiú in PDC, lena n-áirítear níos mó ná dosaen bosca armlóin a sholáthar do trodaithe FDLR ('Forces démocratiques de libération du Rwanda') in Kazaroho i mí Iúil 2022. Tuairiscítear go bhfuil an Coirnéal Tokolonga tar éis comhordú a dhéanamh ar roinnt soláthairtí arm do ghrúpaí armtha atá ag oibriú i gcoinne M23/ARC. Cothaíonn na grúpaí armtha neamhrialtasacha atá mar chuid de chomhghuaillíocht ARP, lena n-áirítear NDC-R, APCLS agus FDLR an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC agus tá siad freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí earcú comhraiceoirí agus oiliúint a chur orthu, rannpháirtíocht in oibríochtaí i gcoinne M23/ARC, ionsaithe ar shibhialtaigh, maruithe, agus sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí, mar shampla éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh agus fuadaigh. Mar gheall ar a ról ceannasach sa 3411ú reisimint de FARDC agus a ról comhordaithe i soláthairtí arm, tá Simon Tokolonga freagrach, dá bhrí sin, as tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí armtha lena gcothaítear an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC, lena n-áirítear trí airm agus armlóin a sholáthar dóibh.	28.7.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
26.	Jean Pierre NIRAGIRE	Ar a dtugtar freisin Jean-Pierre Gasasira Feidhm/céim: Captaen. Ceannasaí Rwandese Defence Forces (RDF) Special Forces Unit (Aonad Fórsaí Speisialta Fhórsaí Cosanta Ruanda) atá gníomhach i dTuaisceart Kivu. Náisiúntacht: Ruanda Inscne: Fireann	Tá an ról ceannasach de cheannasaí ar fhórsaí speisialta Fhórsaí Cosanta Ruanda (RDF) a imscaradh i réigiún Kivu Thuaidh de PDC ó mhí na Bealtaine 2022 ar aghaidh ag an gCaptaen Jean-Pierre Niragire. Is é cuspóir ghníomhaíochtaí míleata RDF ar chríoch PDC treisiú le M23/ARC, grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in oirthear PDC, go háirithe trí thrúpaí agus trealamh míleata a chur ar fáil dó. Cothaíonn M23/ARC an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí ionsaithe i gcoinne sibhialtach agus fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), maruithe, céastóireacht, éigniú agus saothar éignithe, mar shampla sraith maruithe dírithe ar shibhialtaigh i mbaile Kisheshe an 29 Samhain 2022. Mar cheannasaí ar fhórsaí speisialta RDF imscartha i réigiún Kivu Thuaidh, tá Jean Pierre Niragire freagrach, dá bhrí sin, as tacaíocht a thabhairt don ghrúpa armtha M23/ARC, grúpa a chothaíonn an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine in PDC, go háirithe trí thrúpaí agus trealamh míleataa chur ar fáil dó.	28.7.2023’